# IARRATAS CHUIG NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM LE HAGHAIDH FAISNÉIS CHEANGAILTEACH I LEITH TIONSNAIMH (FCT) FAOI RIALACHÁN (AE) UIMHIR 952/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS RIALACHÁIN (AE) UIMHIR 2015/2446 AGUS 2015/2447 ÓN GCOMHAIRLE AGUS ÓN GCOIMISIÚN

(féach ar na nótaí lastall roimh é seo a chomhlánú)

**1. Iarratasóir:** (Ainm & Seoladh iomlán)

**2. Sealbhóir Beartaithe an FCT:** (Ainm & Seoladh iomlán)
**(Más éagsúil ó Bhosca 1)**

**3. Creat dlí:** (fabhrach/neamhfhabhrach)

**4. (a) Cur síos ar Earraí**

**4. (b) Rangú de réir Taraife:**

**5. Comhdhéanamh na nEarraí: ***

**6. Praghas díreach ón monarcha: ***

**7. Tír Thionscnaimh atá beartaithe ag an iarratasóir:**

**8. An riail a mheastar a bheith chomhlíonta:** (féach nótaí lastall) *

| Na Príomhábhair a Úsáideadh | Tír Thionscnaimh | Teideal faoin gCóras Comhchuibhithe)/ Cód na hAinmníochta Comhcheangailte | Luach |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**9. Iatáin á dtíolacadh chun cabhrú le FCT na n-earraí:** (cuir tic✓)*

Samplaí ☐ Grianghraif ☐ Léaráidí ☐ Bróisiúir ☐ Eile ☐

* Sonraigh sonraí ar bith a bhfuil rúndacht á lorg ina leith

**10. An ndearna tú iarratas ar FCT roimhe seo le haghaidh earraí comhionanna nó comhchosúla anseo nó i mBallstát ar bith eile?**

Rinne ☐ Ní Dhearna ☐ (cuir tic✓)

Má rinne, tabhair mionsonraí ..........................................................................................................

**11. An bhfuil eolas agat i leith Faisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh nó FTC a bheith ann in aon Bhallstát eile le haghaidh na h-earraí seo nó earraí comhchosúla?**

Tá ☐ Níl ☐ (cuir tic✓)

Má tá, tabhair mionsonraí ..........................................................................................................

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas ar an iarratas seo fíor agus ceart ar feadh m'eolais. Aontaím aistriúchán a chur ar fáil d'aon doiciméad má iarrtar é, agus tá glactha agam leis go bhféadtar an t-eolas a cuireadh ar fáil, seachas na sonraí a luaitear a bheith rúnda, a stóráil ar bhunachar sonraí de chuid Choimisiún na gComhphobal Eorpach agus a úsáid chun críocha Rialacháin Uimh. 952/2013, 2015/2446 agus 2015/2447.**

**Ainm:** ______________________ **Síniú:** ______________________ **Dáta:** ______________________
**(BLOCLITREACHA)**

**Fón:** ______________________ **Facs:** ______________________ **Seoladh Ríomhphoist:** ______________________

RPC012070_GA_WB_L_1

## Nótaí ar chomhlánú na foirme seo

**Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil í ach an oiread. Níor chóir go nglacfar leis gur treoir chuimsitheach í, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.**

Ba chóir gach bosca a chomhlánú i ndúch dubh agus i bloclitreacha. Níor cheart iarratais ar FCT a dhéanamh ach amháin maidir le hidirbhearta tráchtála beartaithe agus ba chóir go mbeadh na sonraí uile ann atá ag teastáil chun teacht ar chinneadh tionscnaimh. Ní mór iarratais a bheith i leith cineál earra amháin, mar shampla earraí, táirgí nó míreanna a bhaineann le cód aonair ainmníochta custam.

Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe le samplaí iniata leis a sheoladh chuig an Aonad Aicmithe, Tionscnaimh agus Luachála, Oifigí an Rialtais, Bóthar Chonláin, An tAonach, Contae Thiobraid Árann, E45 T611.

Fón: +353 1 738 3676

Ríomhphost: origin&quotasection@revenue.ie

**Bosca 1:** Féadfaidh sé gurb é an t-iarratasóir an t-iompórtálaí nó an t-easpórtálaí nó an gníomhaire iarbhír. Más gníomhaire an t-iarratasóir, ní mór Bosca 2 a chomhlánú chomh maith i ndáil leis an sealbhóir beartaithe.

**Bosca 3:** Sonraigh má tá an fhaisnéis cheangailteach ag teastáil chun críocha fabhracha nó neamh-fabhracha.

**Bosca 4:** (a) Ba chóir go mbeadh an cur síos seo sách mionsonraithe chun go bhféadtar na hearraí a aithint (agus a rangú san ainmníocht custam de chuid an Aontais Eorpaigh (TARIC)).

(b) Ba chóir uimhir 8 ndigit na hainmníochta comhcheangailte mar a thaispeántar in TARIC an Aontais Eorpaigh a chur isteach anseo.

**Bosca 5:** Chomh fada agus atá cuí, comhdhéanamh na n-earraí agus na modhanna úsáidte chun comhdhéanamh a dhearbhú. Uaireanta léirítear fo-rannta in TARIC, mar shampla i gcás earraí talmhaíochta de réir chéatadán comhdhéanaimh na n-earraí. Sna cásanna sin, ba chóir an briseadh síos céatadánach a léiriú anseo.

**Bosca 6:** Chomh fada agus atá cuí, ba chóir an praghas díreach ón monarcha a thabhairt.

**Bosca 7:** Tugtar cuireadh don iarratasóir dearcadh a thabhairt maidir leis an Tír Thionscnaimh atá beartaithe.

**Bosca 8:** An riail ar leith a mheastar go a bheith comhlíonta agus míniú faoin mbealach a comhlíonadh é. Más gá, ba chóir go n-áirítear sa mhíniú sonraí faoi na hábhair a úsáidtear agus na hearraí á monarú, an rangú taraife agus an costas.

Bain úsáid as bileog ar leithligh más gá chun tuilleadh sonraí a thabhairt.

**Bosca 9:** Más gá, ba chóir go gceanglófaí mar aguisíní aon samplaí, grianghraif, pleananna, catalóga nó doiciméid eile atá ar fáil a bhaineann le comhdhéanamh na n-earraí nó a gcomhábhair agus a d’fhéadfadh léiriú a thabhairt ar an bpróiseas oibre nó monaraithe a ndearnadh ar na hábhair sin.

**Bosca 10:** Ba chóir a léiriú anseo cé acu an ndearna nó nach ndearna an t-iarratasóir nó an sealbhóir beartaithe iarratas ar FCT le haghaidh earraí comhionanna nó comhchosúla roimhe seo. Ba chóir sonraí i leith an iarratais sin a chur san áireamh freisin.

**Bosca 11:** Ba chóir aon eolas atá ag an iarratasóir nó ag an sealbhóir beartaithe FTC (Faisnéis Taraife Ceangailteach) nó FCT (Faisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh) roimhe seo maidir le hearraí den chineál céanna a shonrú agus na tagairtí a lua.

**RÚNDACHT:** Maidir le boscaí 5, 6, 8 agus 9 go háirithe, ba chóir aon eolas curtha ar fáil atá le bheith faoi rún a léiriú go soiléir.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannainn an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim